# Glór

Bealtaine 2024



Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101


*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*

## Comhghairdeas le foirne Dhún na nGall a raibh an bua acu ag Comórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta i gCill na Martra

Ba mhaith linn comhghairdeas mór a ghabháil le CLG Naomh Mhuire a raibh an bua acu i gComórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta sa rannóg sóisear i mbliana. Ba mhaith linn fosta comhghairdeas a ghabháil le CLG CIll Chartha a raibh an bua acu sa rannóg sinsear. Bhí mí-ádh ar CLG An Tearmainn i rannóg sinsear na mban agus CLG Naomh Conaill i rannóg sóisear na mban.

Ba mhaith linn comhghairdeas a ghabháil le Moya Ní Ghallachóir a bhí ag déanamh ionadaíochta ar son Dún Lúiche, Gaoth Dobhair agus Dún na nGall i gcomórtas an Chailín Ghaelaí chomh maith. Maith sibh uilig!







# Oifigeach Pleanála Teanga MPTIT Dónall Ó Cnáimhsí i láthair ag léirsiú faoi chúrsaí tithíochta i mBaile Átha Cliath

Bhí an t-Oifigeach Pleanála Teanga Dónall Ó Cnáimhsí i láthair ag léirsiú taobh amuigh do Teach Laighean i mBaile Átha Cliath ar na mallaibh.

I ráiteas ó Conradh na Gaeilge a d'eagraigh an léirsiú i gcomhar leis an ghrúpa Banú i gConamara agus an Mheitheal Náisiúnta Pleanála Teanga.

"Tá géarchéim tithíochta sa Ghaeltacht.

D'éiligh muid ar an Aire Tithíochta, Darragh O'Brien, an Roinn Tithíochta, an Aire Stáit don Ghaeltacht, Thomas Byrne agus Roinn na Gaeltachta na Treoirlínte Pleanála Gaeltachta a fhoilsiú gan a thuilleadh moille.
Rinne muid éilimh ar chumhachtaí soiléire tithíochta d'Údarás na Gaeltachta agus ar leasuithe ar an Bhille um Pleanáil agus Forbairt."

"Táimid ag fanacht ar réiteach ró fhada agus tá muintir na Gaeltachta thíos leis. Tá an ghlúin óg ag dul ar imirce. Tá teaghlaigh ag fágáil mar nach féidir leo cead pleanála a fháil. Tá gníomh ag teastáil, agus tá gá leis an ghníomh sin anois."



# Lúchair orainn tacaíocht a chur ar fáil don Ionad Maisiúcháin i nGaoth Dobhair lena gcuid comharthaíocht nua




Bhí lúchair orainn tacaíocht a chur ar fáil do Ionad Mhaisiúcháin Ghaoth Dobhair nó an 'Gweedore Decorating Centre' lena gcuid comharthaíocht nua. Tá seirbhís mhaith Gaeilge ar fáil sa tsiopa agus tá siad cláraithe le Gradaim Gnó na hÉireann i mbliana fosta.


# Bhí muid thar a bheith sásta tacaíocht a chur ar fáil do gheansaithe foireann cailiní faoi 16 CLG Ghaoth Dobhair

Bhí lúchair mhór orainn tacaíocht a thabhairt do fhoireann cailiní Faoi 16 CLG Ghaoth Dobhair lena gcuid geansaithe. Bhronn Moya Ní Ghallachóir (Cailín Gaelach Dhún na nGall) na geansaithe ar an fhoireann roimh an bua mhór a bhí acu le gairid in éadan CLG Beart leis an scór 6-19 go 2-03. Ar an droch uair, chaill na cailiní in éadan CLG Malainn ar na mallaibh i gCluiche Ceannais na Sraithe leis an scór 2-12 go 1-13.





# Cúrsa Blaiseadh na Gaeltachta in Rann na Feirste




Guíonn muid gach rath ar Bhrídanna Ní Bhaoill agus oidhreacht Mhicí Sheáin Néill as ucht an chúrsa speisialta seo á chur le chéile. Cúrsa seachtaine trí Ghaeilge amháin do dhaoine fásta dírithe ar oidhreacht na Gaeilge sna trí pharóiste. Maith sibh uilig!


Babaí ar an Bhealach
Ceardlann eolais réamhbhreithe do lánúineacha atá ag iompar clainne
Luach €100 de chiseán do gach lánúin!
Dé Sathairn 15 Meitheamh
@ 12 a chlog
Teach Jack An Ghlaisigh
Gaoth Dobhair
Ag ullmhú don bhabaí úr
Cad é atá le tabhairt leat chuig an otharlann
An mháthair agus an t-athair a chur ar a gcompord
Na chéad chúpla lá ag an leanbh sa bhaile
Beidh bean ghlúine i láthair a bhfuil taithí agus saineolas aici ar chúrsaí réamhbhreithe
Tuilleadh eolais & clárú: eilin@tuismitheoiri.ie
085 8624322
Is ócáid eolais é seo le cuidiú a thabhairt do lánúineacha sna roghanna éagsúla atá acu agus iad ag súil le babaí
Is í an Ghaeilge teanga na hócáide
Tuismitheoirí na Gaeltachta
Údarás na Gaeltachta


Campa Ceoil
Na Crannóige
24ú Meith - 19ú Iúil
10:00- 3:00
Dé Luain- Dé hAoine
Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair
Scoil na Crannóige
muinteaRas


RANG CÓCAIREACHTA DO GHASÚRAÍ & DO GHIRSEACHAÍ
LÁ AMHÁIN DE MÁIRT 9Ú IÚIL 2024
CAD A BHEIDH SIBH AG CÓCAIREACHT/ BÁCÁIL? PRÍOMH CHÚRSA & MILSEOG
CAD ATÁ DE DHÍTH FÁ CHOINNE AN RANG?
• 2 BHOSCA LÓIN MÓR CHUN AN PRÍOMH CHÚRSA & MILSEOG A BHEIDH TÚ AG DÉANAMH A THABHAIRT NA BHAILE
• SNEAIC FOLLÁIN & UISCE
Teagmháil: 0874145814
AOIS: 7 - 12 BL.
ÁIT: PSGD
RANG 1: MAIDIN (09:30-12:30)
RANG 2: TRATHNÓNA (13:30-16:30)
COSTAS:
€20 (PÁISTE AMHÁIN/TEAGHLACH)
€35 (BEIRT PHÁISTE/TEAGHLACH)
€50 (TRIÚR PÁISTÍ/ TEAGHLACH)
CAMPA GO H-IOMLÁN TRÍ MHEÁN NA GAEILGE.
URRAÍOCHT Ó:
MHEITHEAL PLEANÁLA TEANGA AN IARTHUAISCIRT


Pobalscoil Ghaoth Dobhair
SCP
LÁ AISTRITHE
27ú de mhí an Mheithimh
11am-2pm
POBALSCOIL GHAOTH DOBHAIR
CUIRFEAR LÓN AR FÁIL DÓIBH SIÚD ATÁ AG GLACADH PÁIRTE.
BÍGÍ LINN LE HAGHAIDH SPÓRT AGUS SPRAOI!
• Ag Aistriú ón Bhunscoil go dtí an Mheánscoil. •
• Cluichí Spraoi •
• Gníomhaíochtaí Nascadh agus Neartú Foirne •
• Is féidir leat aithne a chur ar do chomhscoláirí nua agus go leor imeachtaí eile! •
Déan teagmháil le Laura ag laura.doherty@scp.ie le d'áit a chur in áirithe.